Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Samhain 2025
(OR. en)

14620/25
ADD 1

LIMITE

ENV 1125
WTO 100

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0295(NLE)**

PUBLIC

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 20ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáine i mBaol (CoP20 CITES)(Samarkand na hÚisbéiceastáine, an 24 Samhain – an 5 Nollaig 2025) |

# IARSCRÍBHINN 1

Seasamh an Aontais maidir leis na príomh-shaincheisteanna atá le plé ag an 20ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáine i mBaol (CITES)
(Samarkand na hÚisbéiceastáine, an 24 Samhain – an 5 Nollaig 2025)

PUBLIC

Breithnithe ginearálta

1. Measann an tAontas gur príomhchoinbhinsiún idirnáisiúnta é an Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáine i mBaol (CITES) le haghaidh chaomhnú na bithéagsúlachta agus in aghaidh na gáinneála ar fhiadhúlra.

2. Ba cheart don Aontas seasamh uaillmhianach a ghlacadh don 20ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe in CITES (CITES CoP20), i gcomhréir le beartais ábhartha an Aontais agus le gealltanais idirnáisiúnta, go háirithe Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal arna ghlacadh leis an gCoinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, Fís Straitéiseach CITES agus Rún 79/313 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe maidir le dul i ngleic leis an ngáinneáil aindleathach ar fhiadhúlra. Ba cheart seasamh an Aontais a bheith ina chuidiú chun na cuspóirí a leagadh amach ar leibhéal an Aontais a bhaint amach trí bhíthin Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030, phlean gníomhaíochta athbhreithnithe an Aontais in aghaidh na gáinneála ar fhiadhúlra[1], chur chuige an Aontais chun trádáil agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn agus trí bhíthin an Chomhaontaithe Glas don Eoraip.

[1] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Athbhreithniú ar phlean gníomhaíochta an Aontais in aghaidh na gáinneála ar fhiadhúlra (COM(2022) 581).

3. Is iad seo a leanas ba cheart a bheith ina dtosaíochtaí ag an Aontas ag CoP20 CITES:

– rialáil a dhéanamh ar thrádáil idirnáisiúnta speiceas ainmhithe agus plandaí atá i mbaol agus atá faoi réir leibhéil neamh-inbhuanaithe trádála, agus é sin a dhéanamh trí chur chuige eolaíochtbhunaithe a shaothrú; agus

– freagairt an phobail idirnáisiúnta ar an ngáinneáil ar fhiadhúlra a neartú.

4. Ag CoP20 CITES, ba cheart don Aontas a áirithiú go n-urramófar fós stádas agus cearta an Aontais mar Pháirtí i CITES go hiomlán i gcomhréir lena fhorálacha.

5. Ba cheart a chur san áireamh i seasamh an Aontais an rannchuidiú is féidir le sásraí CITES a thabhairt chun feabhas a chur ar an stádas caomhantais atá ag speicis, agus ba cheart aitheantas a thabhairt sa seasamh sin don obair atá déanta ag na tíortha sin a bhfuil bearta éifeachtacha caomhantais curtha chun feidhme acu.

6. Tá méadú suntasach tagtha ar an líon liostuithe agus ar chastacht nósanna imeachta CITES chun iad a chur chun feidhme. Ba cheart don Aontas a áirithiú go ndíríonn na cinntí a dhéantar ag CoP20 CITES ar shaincheisteanna lárnacha CITES. Ba cheart don Aontas a áirithiú go n-uasmhéadófar éifeachtúlacht CITES leis na cinntí a ghlacfar, trí aon ualach neamhriachtanach riaracháin a íoslaghdú agus trí réitigh phraiticiúla, chostéifeachtacha, inoibrithe a bhaint amach ar fhadhbanna a bhaineann le cur chun feidhme, forfheidhmiú agus faireachán.

7. Is é Buanchoiste CITES, arb é príomh-fhochomhlacht Chomhdháil na bPáirtithe, a chuirfidh chun feidhme go leor cinntí a ghlacfar ag CoP20 CITES. Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais i gcomhair CoP20 CITES a bheith ina threoir freisin do chur chuige an Aontais ag an 79ú agus an 80ú cruinniú den Bhuanchoiste a reáchtálfar díreach roimh CITES CoP20 agus díreach ina dhiaidh.

PUBLIC

B. Saincheisteanna sonracha

8. Tá 51 thogra chun Foscríbhinní CITES a leasú curtha síos lena mbreithniú ag CoP20 CITES. Is é an tAontas, ina cháil mar phríomh-mholtóir nó mar chómholtóir, a chuir isteach ocht gcinn de na tograí sin agus ba cheart don Aontas tacú le glacadh na dtograí sin ar ndóigh.

9. Ba cheart seasamh an Aontais maidir le gach togra le haghaidh leasuithe ar na Foscríbhinní CITES a bheith bunaithe ar stádas caomhantais an speicis lena mbaineann agus ar an tionchar atá nó a d'fhéadfadh a bheith ag trádáil ar stádas an speicis sin. Chuige sin, ba cheart an fhianaise eolaíoch is ábhartha agus is láidre a chur san áireamh i gcomhréir le Rún Comhdhála 9.24 maidir leis na critéir chun Foscríbhinní I agus II a ghabhann le CITES a leasú.

10. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar thuairimí na Stát raoin atá ag na speicis a mbaineann na tograí leo. I measc nithe eile, is iad sin an príomhbhealach chun rannchuidiú na ndaoine sin a bhfuil dlúthbhaint acu leis an bhfiadhúlra a chur in iúl, a bhfuil a n-eolas, a maoirseacht agus a ngníomhaíochtaí i gcaomhnú agus in úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta tábhachtach chun CITES a chur chun feidhme go héifeachtach agus chun a chuspóirí a bhaint amach.

PUBLIC

11. Measann an tAontas gur cheart, mar riail ghinearálta, tacaíocht a thabhairt do thograí chun Foscríbhinní CITES a leasú a thagann ó Choistí um Plandaí agus Ainmhithe CITES agus ón mBuanchoiste. Maidir le measúnú na dtograí arna dhéanamh ag Rúnaíocht CITES agus ag an Aontas Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Dúlra agus Acmhainní Nádúrtha/TRAFFIC[2] agus, i gcás speicis mhuirí a ndéantar saothrú tráchtála orthu, an t-ochtú Painéal Comhairleach Saineolaithe tiomnaithe de chuid na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta, ba cheart na measúnuithe sin a chur san áireamh freisin.

12. I gCinneadh (AE) 2025/1314 ón gComhairle[3], molann an tAontas iad seo a leanas a chuimsiú:

– *Pelophylax epeiroticus*, *Pelophylax shqipericus*, *Pelophylax ridibundus* agus *Pelophylax lessonae* (froganna uisce) i bhFoscríbhinn II a ghabhann le CITES (Foscríbhinn II) (moill 18 mí ar theacht i bhfeidhm);

– *Anguilla* spp. (eascanna fionnuisce) i bhFoscríbhinn II (moill 18 mí ar theacht i bhfeidhm);

– *Centrophoridae* (siorcanna slogacha) i bhFoscríbhinn II;

[2] Déanann an tAontas Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Dúlra agus TRAFFIC speisialtóireacht i dtaca le saincheisteanna trádála fiadhúlra agus cuireann siad measúnú críochnúil ar thograí chun Foscríbhinní CITES a leasú ar fáil roimh gach CoP.

[3] Cinneadh (AE) 2025/1314 ón gComhairle an 23 Meitheamh 2025 maidir le tograí a thíolacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, le haghaidh leasuithe ar na foscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáine i mBaol (CITES) agus maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, ag an 20ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún sin (IO L, 2025/1314, 30.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1314/oj).

– *Holothuria lessoni* (gaineamhiasc órga) i bhFoscríbhinn II;

– *Actinopyga echinites*, *Actinopyga lecanora*, *Actinopyga mauritiana*, *Actinopyga miliaris*, *Actinopyga palauensis* agus *Actinopyga varians* (súmairí cladaigh) i bhFoscríbhinn II; agus

– *Commiphora wightii* (*bdellium* Indiach) i bhFoscríbhinn II.

Tá cinneadh déanta ag an Aontas freisin comhurraíocht a dhéanamh ar an togra ó Phanama an iontráil a bhaineann le *Carcharhinus longimanus* (siorc bán aigéanach) a aistriú ó Fhoscríbhinn II go Foscríbhinn I a ghabhann le CITES, agus ar an togra ón mBrasaíl *Galeorhinus galeus* (gearrthóir) agus *Mustelus* spp. (scoirneach) a liostú i bhFoscríbhinn II, agus tacóidh sé leis na tograí sin.

PUBLIC

13. I ndáil le *Anguilla* spp. (eascanna fionnuisce) a liostú, ba cheart gurbh é seasamh an Aontais tacú le glacadh na mbeart is láidre is féidir arb é is aidhm dóibh *Anguilla anguilla* (eascann Eorpach) agus speicis eile den ghéineas *Anguilla* a chosaint ar mheath breise mar gheall ar thrádáil neamh-inbhuanaithe chomh maith le trádáil neamhdhleathach, agus comhlántachtaí agus sineirgí idir na bearta agus cinntí éagsúla atá á mbreithniú ag Comhdháil na bPáirtithe á gcur san áireamh.

14. Ba cheart seasamh an Aontais maidir le tograí a bhaineann le gáinneáil ar fhiadhúlra a bheith ina léiriú ar chur chuige cuimsitheach an Aontais i leith gáinneáil ar fhiadhúlra a chosc trí aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá léi, trí chreataí dlíthiúla agus beartais a neartú chun aghaidh a thabhairt ar an ngáinneáil ar fhiadhúlra, trí na rialacha atá ann cheana a fhorfheidhmiú go héifeachtach, agus trí chomhpháirtíochtaí domhanda a chothú chun aghaidh a thabhairt ar an ngáinneáil ar fhiadhúlra, mar a leagtar amach i bplean gníomhaíochta athbhreithnithe an Aontais in aghaidh na gáinneála ar fhiadhúlra.

15. Ba cheart don Aontas tionscnaimh a spreagadh freisin a chuidíonn le hacmhainneachtaí na n-údarás ábhartha a mhéadú agus faisnéis agus dea-chleachtais a chomhroinnt, chun CITES a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr agus chun feabhas a chur ar an gcomhar idir tíortha foinseacha, tíortha idirthurais agus tíortha cinn scríbe.

16. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil roinnt tograí maidir le trádáil tráchtála idirnáisiúnta eabhair eilifinte agus adharc srónbheannach curtha síos ag roinnt Páirtithe. Measann an tAontas nach gcomhlíontar na coinníollacha maidir le hathúdarú na trádála sin agus ní thacaíonn sé le tograí go n-athosclódh CoP20 an trádáil sin. Maidir le margaí intíre eabhair eilifinte agus adharc srónbheannach, ba cheart don Aontas leanúint de bheith ag tacú le bearta comhréireacha agus éifeachtacha atá bunaithe ar an bhfianaise is fearr atá ar fail, laistigh de raon feidhme CITES.

17. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil méadú mór tagtha ar mhéid agus ar chastacht na ngníomhaíochtaí faoi CITES mar gheall ar leathnú CITES chun na foscríbhinní a leasú agus chun speicis bhreise a chur san áireamh nó a stádas liostaithe a leasú, rud a chuireann éilimh mhéadaitheacha ar Rúnaíocht, ar choistí agus ar Pháirtithe CITES. An tráth céanna, níor fhan an cistiú cos ar chois leis an ualach oibre méadaithe sin. Ba cheart don Aontas na forbairtí sin a chur san áireamh go cuí agus a thosaíochtaí do CITES CoP20 á gcinneadh aige agus sa phlé ar bhuiséad Rúnaíocht CITES amach anseo.

PUBLIC